*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*




# Scéal Oilibhéir

**Nuachtlitir 10-2-2023**

A chairde,

Maithigí dom an mhoill mhór leis an nuachtlitir seo. Táimid fíorghnóthach anseo agus is deas an gearán é ach níl ach líon áirithe uaireanta sa ló! Mar a fheicfidh sibh, tá an t-uafás ar siúl agus mura léann sibh ach rud amháin anseo, mholfainn na "Dátaí don Dialann" a chrochadh ar an gcuisneoir!

*Please forgive me the delay with this newsletter. We're really busy here and it's a good complaint to have but there are only so many hours in the day! As you can see, there's lots happening and if you read nothing else here, I would strongly advise you hang the "Dates for the Diary" on the fridge!*

.

## Tráth na gCeist | *Table Quizr*

Tá Tráth na gCeist do phobal na scoile á eagrú ag Cumann na dTuismitheoirí ar an 9 Márta sa *Clonsilla Inn* ar 20:00. Bhíodh an Tráth na gCeist seo ar siúl roimh Oíche Shamhna ach tá an Cumann ag iarraidh triail a bhaint as é a dhéanamh le linn Sheachtain na Gaeilge i mbliana. Déanfar an Tráth na gCeist go dátheangach. Ócáid iontach shóisialta is ea an oíche seo agus bíonn an-chraic i gcónaí ann. Beidh ceathrar ar an bhfoireann agus cosnaíonn bord €40, is féidir iad a cheannach ar *Aladdin.* Más mian leat páirt a ghlacadh agus mura bhfuil foireann iomlán agat, cuirfear foirne le chéile ar an oíche freisin. Munar duitse an Tráth na gCeist, beidh cabhair ag teastáil ar an oíche agus tá an Cumann an lorg deontas de spotdhuaiseanna freisin. Más féidir le héinne dearbhán ó ghnólacht nó buidéal a thabhairt, déan teagmháil le cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com más féidir leat cabhrú ar aon bhealach. Agus bí ag staidéar!

*The Parents' Association are organising a Table Quiz for the school community on 9 March in the Clonsilla Inn at 20:00. This Table Quiz used always be held before Halloween but the PA are trying out doing it during Seachtain na Gaeilge this year. The Quiz will be bilingual. This night is always a great social occasion and a great bit of craic. It will be teams of 4 and each table costs €40, tables can be booked on Aladdin. If you'd like to take part but don't have a full team, teams will be put together on the night also. If Quizzes aren't your thing, we will need help on the night and the PA are looking for donations of spotprizes. If anybody can donate a voucher from a business or a bottle, please contact cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com if you can help in anyway. And get studying!*

## Athchumrú Scoile | *School reconfiguration*

Mo bhuíochas le gach duine a d'fhreastail ar an gcruinniú seo nó a chuir aighneacht isteach faoi tríd an r-phost. Táimid ag súil leis go mbeidh an tuairisc dheiridh ar an bpróiseas seo foilsithe sar i bhfad.

*My thanks to all who attended this meeting and to those who made submissions by email. We hope that the final report on this process published shortly.*

## Cumann na dTuismitheoirí | *Parents' Association*

Tar éis na gcostas srl. d'éirigh leis an gCumann €9,262.56 a bhailiú ag Aonach na Nollag. Táimid thar a bheith buíoch de gach duine a thacaigh leis an ócáid agus leis an gcrannchur. Rachaidh an t-airgead seo i dtreo na n-iPadanna nua a fuarthas le cabhrú linn an Plean Foghlama Digití a chur i bhfeidhm. Táim cinnte go bhfuil sibh tar éis cloisteáil faoin obair seo ó na páistí cheana féin.

*After all expenses etc., the Parents' Association made €9,262.56 from the Christmas Fair. We are very grateful to all who supported the occasion and the raffle. This money will go towards funding the new iPads to help us implement our Digital Learning Plan. I am sure you have heard about this already from the children.*

**CUIRTEAR AINM DO PHÁISTE AR GACH RUD LE DO THOIL: CÓTAÍ – MÁLAÍ – HATAÍ – GEANSAITHE – GACH RUD! 😊**

***PLEASE PUT YOUR CHILD'S NAME ON EVERYTHING: COATS – BAGS – HATS – JUMPERS – EVERYTHING! 😊***

## Tacaíocht don Charthanacht um Nollaig | *Suport for Chairty at Christmas*

Tá traidisiúin láidir againn tacú le carthanachtaí agus táimid an-bhródúil as. Bhí oíche álainn againn ag Seirbhís Carúl na nArdranganna agus bhailíomar €502.17 don Oispís. Ansin, bailíodh €800.76 do Thearmann na mBan ag Seó na nÓg roimh an Nollaig. Go raibh maith agaibh go léir as beart de réir bhur mbriathar a dhéanamh maidir le fíorbhrí na Nollaig.

*We have a strong tradition of supporting charity and we are very proud of it. We had a beautiful night at the Senior Classes' Carol Service and we collected €502.17 for the hospice. Then, we collected €800.76 for the Women's Refuge at the Junior Show before Christmas. Thank you all for putting words into action regarding the real meaning of Christmas.*

## Foireann Snámha na Scoile | *School Swim Team*

D'éirigh go hiontach leis an bhfoireann snámha i gCraobhacha Laighean an mhí seo caite. Comhghairdeas agus míle buíochas leis na tuismitheoirí a d'eagraigh gach rud.

*Our swim team did brilliantly in the Leinster Championships last month. Congrats and huge thanks to the parents who organised everything.*

## Gleacaíocht ag na Bunranganna | *Gymnastics in Junior Classes*

Táim an-sásta go bhfuil na páistí ó Naíonáin Bheaga go Rang a Dó tar éis tosú ar an ngleacaíocht gach Luan go ceann 6 seachtainí. Tá traenálaí cáilithe, le Gaeilge, ag déanamh seisiún gleacaíochta leo le díriú ar bhunscileanna fisiciúla. Iarrtar ort éadaí spóirt na scoile a chur ar do pháiste gach Luan.

*I am delighted that the children from Junior Infants to 2nd Class have started gymnastics every Monday for 6 weeks. A qualified coach, with Irish, is doing gymnastic sessions to focus on basic physical skills. You are asked to please put the school tracksuit on your child every Monday.*

## Sraith Lúthchleasaíochta Fhine Gall | *Fingal Athletics League*

Beidh lá rásaíochta ar an Máirt, 7 Márta, i mBaile an Phoirtéaraigh do na ranganna 3 - 6. Tá cúpla spás fágtha. Dá mba mhaith leat go nglacfadh do pháiste páirt sa rás, iarrtar ort **r-phost a chur chuig priomhoide@gaelscoiloilibheir.ie roimh 14:00 ar an Luan seo chugainn 13 Feabhra**. Beidh na páistí ag imeacht ón scoil tar éis a 10:00 ar an Máirt sin agus beidh siad ag filleadh thart ar 13:00. Beidh síobanna le heagrú i measc na dtuismitheoirí agus iarrfar ort an 'Imeacht Luath' a chur isteach ar *Aladdin* roimhré. Má bheidh do pháiste ag dul le tuismitheoir eile, iarrfar ort é sin a scríobh ar Aladdin.

*There will be a race day on Tuesday, 7 March, in Porterstown for 3rd – 6th Class. There are still a few places left. If you would like your child to take part in the race, you are asked to email **priomhoide@gaelscoiloilibheir.ie before 14:00 next Monday, 13 February**. The children will be leaving after 10:00 on that Tuesday and they will be returning about 13:00. Lifts will need to be organised amongst parents and you will be asked to put the 'Early Leaving' up on Aladdin beforehand. If your child will be going with another parent, you will be asked to write this in Aladdin.*

## Iomáint/Camógaíocht | *Hurling/Camogie*

Táimid fós ag fanacht ar na socruithe do na cluichí Chumann na mBunscol ach tá an chuma air go mbeidh na buachaillí ag imirt ar an Déardaoin agus na cailíní ar an gCéadaoin. Tá fáilte roimh gach duine ó Rang a Ceathair go Rang a Sé fad is go bhfuil bróga peile, clogad agus camán acu. Dá mba mhaith le héinne triail a bhaint as an spórt sula gceannaíonn sibh clogad/camán/bróga peile, déan teagmháil liom agus déanfaidh mé mo dhícheall iasacht trealaimh a eagrú don pháiste. Tá cead ag na páistí pocáil thart sa ghairdín roimh scoil gach maidin fad is atá bróga/clogad orthu.

*We are still waiting on fixtures from* Cumann na mBunscol *but it looks like the girls will play on Wednesday and the boys on Thursday. Everyone from 4th to 6th is welcome so long as they have football boots, a helmet and a hurl. If anyone would like to give the sport a try before you go buying boots/helmet/hurls, please contact me and I will do my best to arrange a loan of equipment for the child. The children may puck around in the garden before school as long as they have boots/helmet on.*

*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*

**Tráth na gCeist na bPáistí |** *Children's Table Quiz*

Bhí dhá fhoireann shinsearach agus dhá fhoireann shóisearach againn i dTráth na gCeist an Chomhair Chreidmheasa agus d'éirigh go hiontach leo. Maith iad! Bhí foireann eile againn ansin ag *School Duel* ar Raidío *Phoenix* agus d'éirigh leo an chéad bhabhta eile a bhaint amach.

*We had 2 Junior Teams and 2 Senior Teams in the Credit Union Quiz and they did great, well done all! We had another team then at the School Duel Quiz on Radio Phoenix and they made it to the next round!*

**Seachtain na Gaeilge 1- 17 Márta**

Tá sé i gceist againn Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh le fonn agus fuinneamh i mbliana agus tá clár iontach gníomhaíochtaí á phleanáil againn. Táimid ag súil le nascadh le scoileanna eile sa cheantar agus beidh imeachtaí anseo don teaghlach freisin. Beidh cluichí biongó do na bunranganna agus a gcuid tuistí críonna agus beidh maidin againn do pháistí réamhscoile freisin. Tá féilire sealadach thíos agus cuirfear leis agus rudaí eile deimhnithe againn.

*We intend celebrating Seachtain na Gaeilge with aplomb this year and we are planning a great programme of events. We hope to link in with local other local schools in the area and we will have events here for the family too. We will have bingo for the Junior classes and their grandparents and we will have a special morning for pre-schoolers also. There's a provisional calendar below and we'll add to it as we confirm things.*

**Féilire Sealadach do Sheachtain na Gaeilge | *Provisional Calendar for Seachtain na Gaeilge***

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **1 Márta** \| *March* | **2 Márta** \| *March*<br><br>**Biongó do Thuistí Críonna/Gaolta/Cairde agus Naíonáin Shóisearacha sa Halla @12:45**<br>*Junior Infants and Grandparents/Relative/Friend in hall for Bingo @ 12:45* | **3 Márta** \| *March*<br><br>**Gléasta Glas don Scoil ar fad**<br><br>*Whole school dresses in Green/White/Orange* |
| **6 Márta** \| *March*<br>**Biongó do Thuistí Críonna/Gaolta/Cairde agus Rang a hAon sa Halla @12:45**<br>*1st Class and Grandparents/Relative/Friend in hall for Bingo @12:45* | **7 Márta** \| *March* | **8 Márta** \| *March* | **9 Márta** \| *March*<br>**R5 agus R6 ar cuairt ar Hansfield ETNS**<br><br>Tráth na gCeist do phobal na scoile<br>*Table Quiz*<br>*Clonsilla Inn 20:00* | **10 Márta** \| *March*<br>**An tUas. Giggles** |
| **13 Márta** \| *March*<br>**Tuistí agus Páistí réamhscoile sa Halla 09:30 – 10:15**<br><br>*Parents and pre-schoolers in the hall 09:30 – 10:15* | **14 Márta** \| *March*<br>**Rang a hAon Óga Yoga**<br><br>**Céilí Mór na nArdranganna @13:00 sa chlós**<br>*Senior Classes' Céilí in the yard* | **15 Márta** \| *March*<br>**Bíongó do Thuistí Críonna/Gaolta/Cairde agus Naíonáin Shinsearacha sa Halla @12:45**<br>*Senior Infants and Grandparents/Relative/Friend in hall for Bingo @12:45* | **16 Márta** \| *March*<br>**Céilí Mór na mBunranganna Fáilte roimh thuistí**<br><br>*Junior Classes Céilí Parents Welcome* 12:45 | **17 Márta** \| *March* |

**Imeachtaí Iarscoile |** *Afterschool Activities*

Tá ranganna Spáinnise agus Róbataice (*STEAM*) á reáchtáil ag Réaltaí Órga agus beidh téarma nua de ag tosú tar éis na Cásca. Má chuireann tú ríomhphost chuig realtaiorga@gmail.com cuirfear ar liosta suime thú don téarma seo chugainn.

*Réaltaí Órga are currently running Spanish and Robotics (STEAM) classes and a new term will begin after Easter. If you send an email to realtaiorga@gmail.com, you will be put on an Interested List for next term.*

**CUIRTEAR AINM DO PHÁISTE AR GACH RUD LE DO THOIL: CÓTAÍ – MÁLAÍ – HATAÍ – GEANSAITHE – GACH RUD! 😊**

***PLEASE PUT YOUR CHILD'S NAME ON EVERYTHING: COATS – BAGS – HATS – JUMPERS – EVERYTHING! 😊***

## Cóisir an Chóineartaithe | *Confirmation Party*

Tá sé de nós ag Rang a Cúig cóisir a eagrú do pháistí Rang a Sé tar éis shearmanas an Chóineartaithe. Beidh an chóisir ar siúl sa halla pobail i mBaile Bhlainséir. Tá an searmanas ar a 11:00 ar an Aoine 24 Márta 2023. Beidh tuistí ag teastáil thart ar a 10:00 - 14:00 chun an halla a réiteach agus chun tae agus ceapairí srl. a eagrú sa halla. Má tá tú sásta cabhrú linn, cuir r-phost chuig priomhoide@gaelscoiloilibheir.ie le do thoil. Fiú munar féidir leat a bheith i láthair ar an lá sin, beidh mé ag iarraidh ar gach duine i Rang a Cúig tacú leis an ócáid le cáca nó le ceapairí nó le rudaí deasa eile. Táim cinnte go bhfaighidh mé tacaíocht uaibh agus ar ndóigh an bhliain seo chugainn bainfidh sibhse tairbhe as cineáltas Rang a Cúig na bliana seo chugainn.

*The parents of 5th Class usually organise the Confirmation party for 6th Class after the Confirmation ceremony. The party will be on in the community centre beside the church in Blanchardstown. The ceremony will be at 11:00 on Friday 24 March 2023. Parents will be needed from around 10:30 - 14:00 to set the hall up and organise tea an sandwiches etc. in the hall. If you are happy to help, please send an email to priomhoide@gaelscoiloilibheir.ie. Even if you can't be present on the day, I will be asking everyone in 5th Class to support the occasion with cakes or sandwiches or other treats. I'm sure I will get support from you and of course next year, you will benefit from the kindness of next year's 5th Class.*

## Dátaí don Dialann | *Dates for the Diary*

| | | |
|---|---|---|
| **23-02-2023** | Oíche an tSolais don Chóineartú \| *Ceremony of Light for Confirmation* | 19:30 i Séipeál Bhríde |
| **02-03-2023** | Rang 3- 6 ag Bleaist Eolaíochta san RDS \| *3rd to 6th class in RDS for ScienceBlast* | Imeacht thart \| *Leaving* c.08:00 |
| **9-3-2023** | Tráth na gCeist \| *Table Quiz* | *Clonsilla Inn 20:00* |
| **9-3-2023** | Chéad Fhaoistin Rang a Dó Glas agus Buí\| *First Confession Green and Yellow 2nd Class* | Aireagal \| *Oratory* **10:00** & **11:00** |
| **16-3-2023** | Lá Spioradálta Rang a Sé \| *6th Class Retreat* | |
| **24-03-2023** | Cóineartú \| *Confirmation* | 11:00 i Séipeál Bhríde |
| **31-03-2023** | Scoil Dúnta don Cháisc \| *School Closed for Easter* | Abhaile \| *Home* 12:00 |
| **27-05-2023** | An Chéad Chomaoineach \| *First Communion* | 11:00 i Séipéal Bhríde |
| **10-06-2023** | Beárbaiciú Bliantúil \| *Annual Barbecue* | 13:00 – 17:00 sa scoil |

**Cumann Naomh Peregrine**

Tá anois ag glacadh le páistí a rugadh in 2016/2017/2018/2019 sa Naíonra gach maidin Sathairn. Eolas ar an mbileog cheangailte.

*St. Peregrine's GAA club are now welcoming children born in 2016/2017/2018/2019 in their nursery every Saturday morning. Information on leaflet attached.*

# St Peregrines GAA Nursery

**Returning Saturday, January 14th**

**Now welcoming Children born in 2019**

**Children born:**
**2018/2019 - 9.30am - 10.30am**
**2016/2017 - 10.30am - 11.30am**

# PSYCHOLOGY ADVICE CLINIC

## Are you concerned about yourself, a child or another family member and would like some advice?

**WHEN:**

The **Second & Fourth Tuesday** of each month from **9.30 - 12.30**, from January 2020.

**WHERE:**

| | |
|---|---|
| Blanchardstown Primary Care Centre | (01) 829 7233 |
| Ballymun Civic Centre | (01) 846 7109 |
| Corduff Primary Care Centre | (01) 7956700 |
| Navan Road Primary Care Centre | (01) 868 6802 |
| Summerhill Health Centre | (01) 9211501 |
| Wellmount Health Centre, Finglas | (01) 856 7700 |
| Vernon Avenue Health Centre | (01) 853 9500 |

**HOW:**

Contact reception by phone between 9:00 & 9:30 on the morning of the clinic only to register for a 30 minute slot. This clinic is for adults and parents who have concerns about their child. Please do not bring your child to the clinic.

Please note, we do not provide assessment or therapy at the advice clinic, but we can discuss onward referral if this is required.



# *Gaeilge*

## *Conversational Irish Classes*

## *For progressive speakers*

## *16 Week Course*

**Improve your ability to speak the language through the art of everyday conversation in a relaxed and entertaining atmosphere**

**Classes will resume in Corduff Resource Centre starting;**

**Thursday morning**

***From*; 9-30 am to 11pm.**


**Contact 8202490.. Monica mob; 087/9304535**

**mshannon@empower.ie**

**Saor in Aisce ...*Cost Free* — Tae /Caífe €2.00**

**Failte roimh chách /All welcome;**




**CUIRTEAR AINM DO PHÁISTE AR GACH RUD LE DO THOIL: CÓTAÍ – MÁLAÍ – HATAÍ – GEANSAITHE – GACH RUD!** 😊

***PLEASE PUT YOUR CHILD'S NAME ON EVERYTHING: COATS – BAGS – HATS – JUMPERS – EVERYTHING!*** 😊